2025/490

18.3.2025

**CINNEADH (AE) 2025/490 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 18 Feabhra 2025**

**i ndáil le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Comhaontaithe maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus trí chomhaontú ghaolmhara**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le h Airteagal 218(6) agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, agus go háirithe Airteagal 6(2) agus 6(5) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('an Comhaontú') agus trí Phrótacal Bhreise ghaolmhara, is iad sin (a) an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach ar Shásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse ó 2009 go 2014 de dhroim Poblacht na Cróite a bheith rannpháirteach sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, (b) an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn de dhroim aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach agus (c) an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua de dhroim aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach ('na Prótacail ghaolmhara') a síníodh, thar ceann an Aontais, an 11 Aibreán 2014, i gcomhréir le Cinneadh 2014/343/AE ón gComhairle ([2]), faoi réir a dtabhairt i gcrích.

(2) Ba cheart an Comhaontú agus na Prótacail ghaolmhara a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua le haghaidh na tréimhse ó 2009 go 2014 de dhroim Poblacht na Cróite a bheith rannpháirteach sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Íoslainn de dhroim aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach, agus an Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua de dhroim aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach ([3]).

*Airteagal 2*

Déanfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, na hionstraimí formheasa dá bhforáiltear sa Chomhaontú agus i ngach ceann de na Prótacail ghaolmhara a thaisceadh.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Feabhra 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. DOMAŃSKI

---

([1]) Toiliú an 16 Nollaig 2014.
([2]) IO L 170, 11.6.2014, lch. 3.
([3]) Féach IO L, 2025/491, 18.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2025/491/oj.